**Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán**

**Óráid an Aire Stáit Seán Kyne T.D.**

**16 Bealtaine 2017**

Mar Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, fáiltím roimh an deis seo labhairt libh arís tar éis an cruinniú gairid a bhí againn coicís ó shin. Bhí óráid réitithe agam an lá deireadh, cé nach raibh deis agam ach an leath dó a thabhairt, ach tuigim go bhfuair sibh cóip den óráid sin. Mar sin, mar fhreagra ar pointe a d'ardaigh an Seanadóir Ó Clochartaigh an lá faoi dheireadh, maidir leis an méid atá bainte amach faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge go dtí seo, ba mhaith liom an deis seo a thapú anois, chun aitheantas a thabhairt don méid atá bainte amach cheana féin ag na Ranna agus na heagrais Stáit agus ag an earnáil dheonach, i gcúinsí fíor-dhúshlánacha, faoin naoi réimse den Straitéis 20-Bliain:

**In Earnáil an Oideachais**

- Tá an Polasaí don Oideachas Gaeltachta á chur i bhfeidhm;
- Gníomhaíochtaí Gaeloideachais in earnáil na gaelscolaíochta;
- Tá Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta á cur i bhfeidhm;
- Tacaíochtaí d'earnáil na réamhscolaíochta ó mo Roinn agus ón Údarás;
- An córas TEG cothaithe ag Ollscoil Mhá Nuad le maoiniú na Roinne;
- An Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge á mhaoiniú ag mo Roinn go dtí 2021;
- Dioplóma i Múineadh na Gaeilge do Dhaoine Fásta á sholáthar ag Ollscoil Mhá Nuad;
- Tá Scéim na gCúntóirí Teanga á riaradh ag mo Roinn;
- Obair COGG chun téacsleabhair agus tacaíocht don Ghaeloideachas a sheachadadh; agus,

- Tá teagasc na Gaeilge i thart ar 40 ollscoil idirnáisiúnta maoinithe ag mo Roinn.

**I dtaobh Reachtaíochta agus Stádais**

- Tá Acht na Gaeltachta 2012 á chur i bhfeidhm;
- Athbhreithniú déanta ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Ceannteidil Bhille Leasaithe beagnach réidh le foilsiú; agus,
- Beidh deireadh á chur leis an maolú don Ghaeilge san Aontas Eorpach i 2021.

**Sa Ghaeltacht**

- Tá an Próiseas na Pleanála Teanga – an comhrá is mó sa Ghaeltacht maidir leis an Ghaeilge ó aimsir Fheachtas na gCearta Sibhialta - faoi lán seoil;
- Tá €850,000 curtha ar fáil d'Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge i mbliana chun cur ar a gcumas an próiseas pleanála teanga a bhrú chun cinn; agus;
- Tá na scéimeanna pobail na Roinne agus na scéimeanna atá ag an Údarás chun fostaíocht a chruthú do mhuintir na Gaeltachta á gcur i bhfeidhm.

**I réimse an Teaghlaigh agus na Luath-Idirghabhála**

- Tá Clár Tacaíochta Teaghlaigh mo Roinne dírithe ar dhaoine atá ag súil le páistí nua agus a bhfuil gasúir óga acu cheana féin;
- Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh ag gníomhú i gCois Fharraige agus i gCorca Dhuibhne;
- Comhar Naíonraí na Gaeltachta ag feidhmiú le tacaíocht ón Stát;

- Tá Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ag tacú le daoine atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge; agus,
- Tá ardú tugtha agam do na mná tí i mbliana.

**Mar a bhaineann sé le Riarachán, Seirbhísí agus Pobal**

- Tá clár cuimsitheach oiliúna Gaeilge á chur i bhfeidhm san earnáil phoiblí;
- Ionad Gaeilge Thamhlachta á fhorbairt le tacaíocht mo Roinne;
- Tacaíocht mo Roinne, an Údaráis agus an Fhorais don earnáil dheonach;
- Faoin Teanga Bheo, bhí páirt lárnach ag an teanga in imeachtaí an Chomórtha ar 1916;
- Reáchtáiltear Féile Oireachtas na Samhna gach bliain;
- Tá Féile Sheachtain na Gaeilge ag tabhairt na teanga do phobal níos leithne faoi stiúir Chonradh na Gaeilge; agus,
- Tá Glór na nGael, Cumann na bhFiann agus Gael Linn ag tacú le pobail Gaeilge ar fud na tíre.

**Faoi na Meáin agus an Teicneolaíocht**

- Tá Plean Gaeilge agus Gníomh Digiteach RTÉ á gcur i bhfeidhm;
- Plean Digiteach don Ghaeilge á fhorbairt;
- Aip Raidió Ghaeilge RTÉ forbartha;
- Seirbhísí d'ardchaighdeán á dtabhairt ag Raidió na Gaeltachta, TG4, Raidió na Life, Raidió Rí-Rá agus Raidió Fáilte;
- Tuairisc.ie ag feidhmiú le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge;
- Abair.ie á fhorbairt ag Coláiste na Tríonóide; agus,
- Tá córas aistriúcháin uathoibríoch don Ghaeilge forbartha.

**Maidir le Foclóirí**

- Tá an tAcht um Thithe an Oireachtais (Leasú) 2011 i bhfeidhm - gníomh a chuir an Caighdeán Oifigiúil faoi chúram Thithe an Oireachtais agus tá dhá athbhreithniú déanta air ó shin;
- Tá an foclóir ar líne *Foclóir.ie* forbartha ag Foras na Gaeilge;
- Tá *LEX*, togra a ghineann téarmaíocht don Aontas Eorpach faoi lán-seoil; agus,
- *Téarma.ie* ar fáil ar líne agus Foclóir Stairiúil na Gaeilge á fhorbairt ag Acadamh Ríoga na hÉireann.

**Sa Saol Eacnamaíochta**

- Tá Údarás na Gaeltachta ag cruthú níos mó ná 500 post in aghaidh na bliana; agus,
- Tá Foras na Gaeilge, Gael-Taca i gCorcaigh, Gaillimh le Gaeilge agus Gnó Mhaigh Eo ag cur an Ghaeilge chun cinn san earnáil ghnó.

**I measc na dTionscnaimh Leathana**

- Tá Suíomh Tairsí na Gaeilge, PEIG, faoi lán-seoil; agus,
- Tá Bailiúchán na Scol de chuid Chnuasach Béaloideas Éireann ar fáil ar líne mar chuid den Chomóradh ar Eirí Amach na Cásca 1916.

Is cúis bróid don Rialtas go bhfuil an méid seo bainte amach cheana féin faoin Straitéis 20-Bliain faoi na cúinsí ina raibh muid ag feidhmiú le seacht mbliana anuas. Is mian liom a threisiú nach Straitéis seacht mbliana í, ach Straitéis 20-

Bliain, agus beidh mise agus an fhoireann atá taobh thiar dom sa Roinn, le tacaíocht go príomha ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus, dár ndóigh, ceanneagraíochtaí an Fhorais, ag cur mo chuid fuinnimh uile isteach sa tasc atá romham leanúint leis an obair thábhachtach sin sna blianta atá amach romhainn.